

Céim 5

Cód na Gaeilge Rang 4
Ag Fiosrú Focal



Curaclam
Thuaisceart Éireann

Déanann an litir
seo dhá fhuaim!

Tá an
tine te!



Tá an
tábla
trom!

Cód na Gaeilge Rang 4 Ag Fiosrú Focal

Déanann an litir seo dhá fhuaim!

Intreoir

I gCéim 5 pléitear na graiféimí sin a léiríonn níos mó ná fuaim amháin, *m.sh. sa/sí, tá/tír, dán/déan*.

Déantar gach fuaim ceann ar cheann. Tógtar ar an eolas a fuair na páistí i Rang 2 agus i Rang 3 ar na fuaimeanna seo. Is leor ceacht nó dhó ar gach fuaim. Mura bhfuil an obair seo clúdaithe ag na páistí cheana féin is fiú amharc siar ar phacáistí Rang 2/3 agus níos mó ama a chaitheamh air.

Chuala na páistí na téarmaí **caol** agus **leathan** i gCéim 3. Cuirtear béim anseo ar na fuaimeanna is suntasaí sa chatagóir seo. Aithnítear go n-athraíonn gach consan ag brath ar an ghuta atá taobh leis ach ní dhéantar ach na cinn a dhéanann difear mór den fhuaim. Déantar **s, t**, agus **d** i dtús báire agus ansin **bh, mh, gh, dh** agus **ó**. Is fuaim ar leith í **ó** i gCúige Uladh agus dhá dhóigh ann lena rá. Tá riail ghinearálta ag an Ollamh Dónall Ó Baoill go ndeirtear **ó (mór)** in aice leis na fuaimeanna **n, m, mh** agus go ndeirtear **ó (dó)** gach uair eile. Ar ndóigh, tá eisceachtaí ann agus bainfidh na páistí sult as iad a aimsiú. Clúdaítear na fuaimeanna seo i bpacáiste Rang 3 agus tógtar arís ar an eolas sin sa phacáiste seo. Tá cúpla fuaim nua ann chomh maith a dhéantar i Rang 4; **n, ch, a/ea**. Is féidir fuaimeanna eile a chlúdach de réir mar is mian leat ach an cur chuige atá leagtha amach anseo a leanúint.

Úsáidtear straitéisí éagsúla anseo don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht do gach cineál foghlaimora. Tá gníomhaíochtaí fisiceacha ann chomh maith le gníomhaíochtaí ‘peann agus páipéar’. Tá cleasanna éagsúla molta chomh maith agus oibreoidh na páistí amach cé acu straitéis is fearr leo. Is ionann *breacscríbhneoireacht* agus focal a scríobh arís is arís eile, é ceangailte nó i bpatrún éigin.

Moltar cearnóga fuaime a úsáid in amanna. Is é sin cearnóga páipéir réamhghearrtha a dtig leis na páistí na focail a chleachtadh orthu. Moltar chomh maith clár bán a bheith ag na páistí le rudaí a thriail agus a chleachtadh gan mothú gur rud buan é.

Moltar leis na gaothráin agus le fuaimeanna atá le gearradh amach go ndéanfaidh an páiste focail leo. Ba chóir sna ceachtanna seo go mbeadh duine eile ag tacú leis an pháiste leis na focail seo a léamh amach go fadálach.

Is féidir na gníomhaíochtaí a chur abhaile don obair bhaile mar dhaingniú. Tá sleachta don deachtú agus leathanach taifid ag cúl an leabhair do thaifead an mhúinteora. Déantar gach fuaim ceann ar cheann. Moltar focail a chur i gcomhthéacs abairte le heolas na bpáistí a mheas. Is féidir deachtú nó roinnt focal a úsáid nuair is gá leis an eolas atá tógtha acu a mheas.

Tá 2 sheachtain oibre sa leabhar seo cé gur féidir cuid de na cluichí a imirt i níos mó ná aon cheacht amháin má tá athchleachtadh agus daingniú de dhíth.

Fónaic an Bhéarla

Baineann na téarmaí seo, caol agus leathan, agus an t-eolas atá sa chéim seo leis an Ghaeilge amháin. Mar sin de, níl an t-eolas seo ann sa Bhéarla. Is fiú an t-am a dhíriú ar an Ghaeilge anseo nó is gné thar a bheith tábhachtach é seo a chuirfidh go mór le heolas na bpáistí ar dhíchódú na Gaeilge. Nó is féidir tús a chur le Stage 5/6 an Bhéarla agus tú ag obair ar Chéim 5 sa Ghaeilge.

le Jacqueline de Brún

Clár


Ceacht 1: s le sórtáil	4
Ceacht 2: t le dathú	5
Ceacht 3: d le sórtáil	6
Ceacht 4: bh le dathú	7
Ceacht 5: mh le sórtáil	8
Ceacht 6: Fuaimeanna sna frásaí dh	9
Ceacht 7: Fuaimeanna sna frásaí gh	10
Ceacht 8: Léigh na focail le ó	11
Ceacht 9: Léigh na focail le n	12
Ceacht 10: Léigh na focail le ch	13
Ceacht 11: Hé! Cad é atá an litir seo a dhéanamh? a/ea	14
Ceacht 12: Dul Siar, Cártaí slabhra mh/bh	15–17
Ceacht 13: Dul Siar, Cártaí slabhra dh/gh	18–20
Sleachta don deachtú	21
Leathanach Taifid an Mhúinteora	22

Ceacht 1: s le sórtáil _____ Céim 5

Scríobh na focail seo san áit cheart ar an tábla thíos.

Satharn áthas milis sult sílim bríste salach
sacsafón arís sacar rís scíste scamall irís

bríste



scamall



An bhfeiceann tú patrún? Amharc go cúramach ar na gutaí!

An bhfuil siad caol nó **leathan**?

Léigh gach focal thíos. Díriú aird ar an fhuaim t.

Dathaigh focail le **t leathan** glas agus focail le **t caol** dearg.

turas	trácht
tine	tinn
ábaltacht	teas
intinn	trom
post	tirim
trí	tafann
tarlú	tinsil
tír	carbhat

Ceacht 3: d le sórtáil _____ Céim 5

Léigh na focail seo. Éist go cúramach leis an **d**. Scríobh ar an tábla thíos iad.

dath stad donn dinimít íde
druga díisle dorcha dragan
d'ith tríd dallamullóg dlí

Ansin, aimsigh focail eile le **d** i do leabhair agus scríobh san áit cheart ar an tábla iad.

dráma	deoch

Seo iad na gutaí caola

.....

Seo iad na gutaí leathana

.....

Léigh na focail seo. Éist go cúramach leis an fhuaim **bh**.

Dathaigh na cearnóga le **bh** amháin glas agus na cearnóga le **bh** eile corcra.

bhris	ar an bhata
sa bhosca	mo bhríste
mo bhricíní	sa bhothán
ábhar	do bhosa
mo bhríce	an bhó
bhur	sibh
a Bhríd	garbha

Ceacht 5: mh le sórtáil _____ Céim 5

Léigh na focail seo. Éist go cúramach leis an **mh**. Gearr amach na focail agus sórtáil iad.

ar mhiste

nimh

lámha

a mharú

rómhinic

mo mhála

amharc

an mhill

a mhalartú

mo mhadadh

sa mhí

linn snámha

Cad é atá suimiúil faoi na focail ar leathanaigh 7 agus 8?

Céim 5 _____ Ceacht 6: Fuaimeanna sna frásaí dh

Léigh na frásaí seo os ard. Cuir ciorcal thart ar gach **dh**. Ansin, cuir ar an tábla thíos iad san áit cheart.

mo dhán

bó dhonn

de dhíth

do dhlí

mo dhísle

a dhath

do dháta

mo dhruma

ródhíreach

a Dhónaill

do dhinimít

mo dhorn

mo dhán	de dhíth

Ceacht 7: Fuaimeanna sna frásaí gh_____ Céim 5

Léigh na frásaí seo. Cuir ciorcal thart ar gach **gh**. Scríobh ar an tábla iad.

mo ghúna

mo ghuma

a ghortú

a ghrá

mo ghlib

róghlic

trí ghé

bó ghlas

mo ghob

fir ghrinn

ghlac

do ghuta

mo ghúna	trí ghé

Cad é atá suimiúil faoi na focail ar leathanaigh 9 agus 10?

Ceacht 9: Léigh na focail le **n** Céim 5

Léigh na focail seo. Léigh an fhuaim **n** go cúramach.

na

san

panda

Anois, léigh na focail seo. Léigh an fhuaim **n** go cúramach. An bhfuil difear ann? Pléigh an difear le do mhúinteoir.

nead


bainne

níl

Aimsigh focail eile le **n** i do leabhair. Cuir ar an tábla thíos iad. Léigh os ard iad agus pléigh na fuaimeanna.

na

níl



Céim 5 _____ Ceacht 10: Léigh na focail le ch

Léigh na focail seo. Tá **ch** callánach iontu. Rinne muid an fhuaim seo roimhe.

ocht

mo chos

a chara

amárach

scamallach



Anois, léigh na focail seo. Tá **ch** ciúin iontu. An gcluineann tú an difear?

lacha

clocha

dochar

Ard Mhacha


is dócha




Scríobh abairtí le de na focail thuas.

Ceacht 11: Hé! Cad é atá an litir seo a dhéanamh? **a/ea** Céim 5

Léigh an sliocht seo os ard. Cuir ciorcal thart ar gach litir **a** atá ann.



Tá cat ag mo mhac. Ach, tá gabhar ag mo mhamó. Ná bac le gabhar mo mhamó, bíonn sé ag snámh san abhainn.



Cad é a thug tú faoi deara faoin litir **a**?

.....

.....

Léigh an sliocht seo os ard. Cuir ciorcal thart ar gach **ea** atá ann.

Tá fear agus bean sa leabharlann. Tá leabhar de dhíth orthu.



Cad é a thug tú faoi deara faoin **ea**?

.....

.....

Scríobh abairtí le ... de na focail le **a** nó le **ea**.

.....

Céim 5 _____ Ceacht 12: Dul Siar, Cártaí slabhra mh/bh (1)

Gearr amach na cártaí agus imir an cluiche le grúpa.

Tá an chéad chárta agam.
Cé aige a bhfuil **bhris**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **bhris** agam.
Cé aige a bhfuil **mo bhata**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **mo bhata** agam.
Cé aige a bhfuil **lámha**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **lámha** agam.
Cé aige a bhfuil **an mhill**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **an mhill** agam.
Cé aige a bhfuil **a mhalartú**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **a mhalartú** agam.
Cé aige a bhfuil **an bhó**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **an bhó** agam.
Cé aige a bhfuil **mo mhadadh**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **mo mhadadh** agam.
Cé aige a bhfuil **nimh**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **nimh** agam.
Cé aige a bhfuil **sibh**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **sibh** agam.
Cé aige a bhfuil **an bhó**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **an bhó** agam.
Cé aige a bhfuil **mo bhríce**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **mo bhríce** agam.
Cé aige a bhfuil **bhur**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **bhur** agam.
Cé aige a bhfuil **bhris**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **bhris** agam.
Cé aige a bhfuil **sa mhí**?

Cártaí slabhra mh/bh

Tá **sa mhí** agam.
Is é sin an cárta deireanach.

Cártaí slabhra mh/bh

Tá an chéad chárta agam.
Cé aige a bhfuil **mo ghúna**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo ghúna** agam.
Cé aige a bhfuil **trí ghé**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **trí ghé** agam.
Cé aige a bhfuil **de dhíth**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **de dhíth** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dhruma**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dhruma** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dhíisle**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dhísle** agam.
Cé aige a bhfuil **mo ghlí**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo ghlí** agam.
Cé aige a bhfuil **mo ghob**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo ghob** agam.
Cé aige a bhfuil **bó dhonn**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **bó dhonn** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dhlí**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dhlí** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dhonn**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dhorn** agam.
Cé aige a bhfuil **ghlac**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **ghlac** agam.
Cé aige a bhfuil **róghlic**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **róghlic** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dhinimít**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dhinimít** agam.
Cé aige a bhfuil **mo dháta**?

Cártaí slabhra dh/gh

Tá **mo dháta** agam.
Is é sin an cárta deireanach.

Cártaí slabhra dh/gh

Iarr ar an pháiste an fhuaim a rá agus na focail shamplacha a léamh. Cláraigh an rud a deir an páiste ag úsáid an chóid.

t – tosaithe
/ – dul siar déanta
x – daingnithe

Ainm an dalta –		
An fhuaim...	...mar atá sna focail/sna frásaí...	Cláraigh, nótaí
s	snasta silíní	
t	tógann tinn	
d	dalta tríd	
bh	ábhar mo bhríce	
mh	mo mhamach an mhill	
dh	bó dhonn mo dhísle	
gh	mo ghuta mo glib	
ó	babóg bóna	
n	brónach bainne	
ch	costasach lacha	
a	macánta gabhar	
ea	geata as a mheabhair	

